

CÁTA FOLÁIRIMH UM THÉACHTÁN FOLA

CÉARD IS TÉACHTÁN FOLA ANN?

Is téachtán i soitheach fola é, sa chos de ghnáth, a d'fhéadfadh briseadh den soitheach agus dul go dtí na scamhóga. Is féidir leis sin a bheith marfach.

60% de théachtáin san **OSPIDÉAL**
nó sna **90 Lá** i ndiaidh dul
isteach san ospidéal.



Is féidir le téachtáin fola a bheith an-tromchúiseach - ach tá cóireálacha éifeachtacha ann chun iad a leigheas agus a chosc

COMHARTHAÍ AGUS AIRIONNA TÉACHTÁIN FOLA

- At nó pian i gcos nó i lámh amháin
- Cos nó lámh atá te nó dearg
- Gearranáil nó mearanáil
- Pianta cliabhraigh (go háirithe nuair atáthar ag análu go trom)
- Casacht nó fuil a chaitheamh aníos le casacht

Má bhíonn ceann amháin nó níos mó díobh sin ort, seans go bhfuil téachtán agat agus go bhfuil cóireáil de dhíth ort láithreach

CÁRTA FOLÁIRIMH UM THÉACHTÁN FOLA

CAD IS FÉIDIR LIOM A DÉANAMH CHUN CABHRÚ LIOM FÉIN?

- Iarr go ndéanfaí do riosca téachtáin fola a mheasúnú, go háirithe má tá tú i gceann de na grúpaí riosca is airde atá liostaithe thall
- Bí ag siúl agus ag gluaiseacht a oiread agus is féidir
- Ól go leor leachtanna
- Má thugtar treoir duit stocaí nó cógais a úsáid chun clot a chosc nó a chóireáil, lean na treoracha go beacht
- Cuimhnigh, is dóichí go mbeidh clot fola sna féitheacha suas le 90 lá tar éis a bheith san ospidéal
- Má tá aon chomharthaí nó airí téachtáin agat, déan **beart láithreach** chun cabhair leighis a lorg

IS MÓ SEANS go
bhfaighidh tú téachtán
san **OSPIDÉAL**
 
ná ar
EITLEÁN!

An bhfuilim i mbaol?

D'FHÉADFÁ A BHEITH I GCONTÚIRT NÍOS MÓ:

- má théann tú isteach sa ospidéal agus go ceann 90 lá i ndiaidh duit dul abhaile
- má tá ailse ghniomhach ort nó má tá cóireáil ailse á cur ort
- má tá tú torrach nó má rugadh leanbh duit níos lú ná 6 seachtaine ó shin
- mura mbíonn tú in ann siúil (níos mó ná 3 lá sa leaba / taistil gan stad ar feadh níos mó ná 6 uair / cos i bplástar)

D'FHÉADFADH NÍOS MÓ BAOL A BHEITH ANN FÓS:

- má bhi téachtán fola agatsa nó ag garghaol leat
- má cuireadh obráid ort le 90 lá anuas
- má tá trombaifilia ort (an claonadh chun téachta)
- má tá piollaíre frithghiniúnach nó TAH á chaitheamh agat
- má tá galar croí, scamhóige nó athlastach ort
- má tá tú níos sine ná 60 bliain d'aois nó róthrom
- má tá féitheacha bhorrtha agat a éiríonn dearg agus pianmhar